LITIR SHASANA

Aᵹ Breaṫnú Siar

Dónall Mac Amhlaibh

Trom-ċeó ar maidin ann aċ rinne sé lá breá ᵹréine ina ḋiaiḋ sin. Ḃí fuireann an-mór ḋínn inniu ann aᵹus ṫarrainᵹ muid an cábla — 400 slat di — aᵹus leaᵹ sa trínnse í. Nuair a ṫéiᵹeann muid aᵹ tarrainᵹt an cábla seo i ᵹcónaí cuiṁnim ar ṁeiṫeall an ḟéir ṫair sa mbaile fadó, 'caoi mbíoḋ 'ċuile ḋuine aᵹ teaċt i ᵹcaḃair ar a ċoṁarsain nuair a ḃíoḋ an obair sin le déanaṁ. A ḟearaċt sin annseo é, nuair a ḃíonns faid ṁaiṫ de ċábla le tarrainᵹt cruinniṫear an dá 'ᵹanᵹ' mór le céile aᵹus duine ar biṫ eile tá le fáil le naċ mbeiḋ sé aᵹ teaċt ró-ċruaí ar an mbeaᵹán. Is dóiliᵹ a rá a mbíonn 'ċuile ḋuine aᵹ déanaṁ a ċion ḟéin den obair, áfaċ, mar d'ḟéadfaḋ fear ḃeiṫ aᵹ liᵹint saoṫar air ḟéin is ᵹan aon ċeó dá ḋéanaṁ aiᵹe. Ní ċuirfinn ṫar an ḃeirt údán, Dave Smith aᵹus Ṡinᵹer, ḃeiṫ mar "paisnéirí" ċúns tá an ċuid eile ar a ndíċ eall aᵹ tarrainᵹt. Stuif caol a ḃí inniu ann aċ nuair a ḃíonn an 'point three' le sin le tarrainᵹt aᵹainn fáᵹann muid a sáiṫ le déanaṁ mar is ar éiᵹin a ᵹaḃ fad do láṁa ṫart air. Ḃíonn sé coṁ reaṁar sin.

"Tarrainᵹí liḃ; níl ann aċ ruaine ċadáis!" an slua-ᵹairm a ḃíonns aᵹ Narraí i ᵹcónaí 'sé aᵹ túirt an "shout" dúinn. Tá leas ainm ar Narraí acu, dála an scéil—Punch — aᵹus is é is feilṫí dár ċuala tú riaṁ arae séard é féin macsaṁailt an ḟirín biᵹ ċam-ṡrónaċ, bolᵹ-mór údan a ḃíonns ar clúdaċ an iris sin 'Punch.' Teaᵹann an-ṫaom feirᵹe ᵹo minic air, rud naċ dual do Ṡasanaċ de ᵹnáṫ, aᵹus ní ḃíonn sé tuirseaċ aon uair aᵹ sáruíoċt. Caiṫfiḋ sé a ḋul id' aᵹaiḋ, is cuma céard a ḋéanfas tú. I bpeil is mó tá spéis aiᵹe, é féin is a ṁac, aᵹus ṁairfeaḋ sé aᵹ cáineaḋ fuireann peile Northampton — na Cobblers — mar a tuᵹtar annseo orṫu. Ḃíonn siad aᵹ imirt aᵹ baile 'ċaon tárna Saṫarn aᵹus téiᵹeann Narraí aᵹ bréaṫnú orra ᵹan teip. Má ċailleann siad, annsin, tiocfaiḋ sé ċun na h-oibre an Luan dár ᵹcionn aᵹus déistean an diaḃail air:

"That shower? Call themselves footballers? Lot of old hags and pensioners, that's what I call 'em. My old grandmother could play better football!"

Sin a ḃíonns aiᵹe i ᵹcónaí. Fear mór peile a ḃí ann féin lá den saol, sul má d'ḟáᵹa sé an Airm. Ós aᵹ caint ar an Arm é, is cuiṁneaċ liom anois ᵹur inis sé ceann ṁaiṫ dúinn annsin le ᵹoirid faoin am a raḃ sé stáis iúnáilte ar Ċurraċ Ċille Dara le linn Coᵹaḋ na Saoirse. Ḃí sé ar ᵹárda ar an dtúr uisce mór annsin an lá ar ᵹlan na Sasanaiᵹ amaċ as an ᵹCurraċ aċ tré ṫimpist eicínt, nuair a uainíoḋ ᵹárda an lae sin fáᵹaḋ aon ḟear aṁáin aᵹ a ṗosta i ᵹcónaí, aᵹus ba é Narraí an fear sin. Ḃí na Sasanaiᵹ imí leo — iad leaṫ bealaċ ᵹo Cill Dara—nuair a ṫáinic ᵹárda de ċuid Arm na Poblaċta aᵹ tóiᵹeáil ċeannais ar an dtúr. Nuair a ċonnaic an t-oifiᵹeaċ a ḃí i ᵹceannas orṫu an Sasanaċ aonaraċ 'na ṡeasaṁ ar aire i ᵹcónaí dúirt sé leis deifir a ḋéanaṁ in ḋiaiḋ a ċuid comráḋaí sul a ḃfáᵹfaí 'na ndiaiḋ uiliᵹ é. Is cosúil naċ raḃ an tárna focail ó Narraí mar ḃí sé i ᵹcúpla luíoċán ᵹo ᵹoirid roiṁe seo aᵹus ḃí sé scanntruiṫe ᵹo maiṫ roiṁ na "Shinners." Ḃailiᵹ sé leis, síos tríd an Ċampa in ḋiaiḋ a ċuid comrádaí, aᵹus ba ᵹearr ᵹur ċasaḋ oifiᵹeaċ dá ċuid féin air. Ḃí dá ᵹaḃar beaᵹ aᵹ an oifiᵹeaċ seo, aᵹus hébrí cé'n ᵹnó práinneaċ a ḃí idir láṁaí aiᵹe ṫuᵹ sé do Narraí iad.

"Seo, ċoinniᵹ ḋom iad seo ᵹo fóilleaċ," ar seisean, "aᵹus ᵹeoḃfaiḋ mé uait arís iad." Ḃ'éiᵹean do Narraí boċt ᵹaḃar a ċur faoi 'ċaon ascal leis aᵹus níor ḃeaᵹ leis aiᵹe iad, de ualaċ, le ċois an méid a ḃí ċeana air — treallaṁ, muiscéid, paca, mála ċiṫ is 'ċaon t-sórt. Ḃuail sé bóṫar arís aᵹus ní raḃ sé ᵹoidte an-ḟada nuair a ċasaḋ Tuairisceoir ón "Daily Mirror" air a tóᵹ a ṗictiúr. Ḃí tús áiṫe aᵹ Narraí an ṁaidin dár ᵹcion ar leaṫanaċ tosaiᵹ an 'Mirror', aᵹus an ceannlíne seo ós a ċion: "Last British Soldier Off The Curragh."

Nuair a ḃí an trínnse aṫ-líonta tráṫnᵹna aᵹainn aᵹus an méid créafóiᵹe naċ nᵹaḃfaḋ arais sa bpoll tuᵹṫa ċun ḃealaiᵹ sa leorraí. Ḃí deis aᵹainn dreas ċoṁrá a ḋéanaṁ aᵹus tosaiᵹ Ṡinᵹer, Murphy aᵹus mé féin aᵹ cur síos ar Capital Punishment, rud a mbíonn an-ċaint 'sna páipéirí faoi láṫair na h-uaire air. Ḃí an triúr aᵹainn ar an dtuairim naċ dteaᵹann dea-ṫoraḋ ar biṫ as daoraḋ ċun ḃáis ná naċ stonann cuirpṫiᵹ ó ṁí-ᵹníoṁṫa in ᵹeall air. Sa dtír seo aṁáin, ó ṫosuíodar á ḋaoraḋ ċun ḃáis dúnṁarfóirí ṗóilí, níor ṫáinic laᵹdú ar biṫ ar an ṁarú sin aċ a ṁalairt. Ins na tíorṫa Eorpaċa eile naċ ᵹcleaċtuíotar Capital Punishment ionnta, is lua, aᵹus ní mó an méid marú a ḋéantar. Aċ tá daoine sa dtír seo aᵹus ṫiar sa mbaile có maiṫ aᵹus séard ab áil leo ᵹo leanfaí den Capital Punishment aᵹus ní h-aṁáin é sin, aċ ᵹo mbeaḋ sciúrsa aᵹus 'ċuile ḟionóis eile mar sin dá ḋonaċt dá dtúirt arais aríst.

Ċuaiᵹ Archie is mé féin ċuiᵹ "I Want To Live" sa nᵹaumont. Sár aisteoireaċt (mar a déarfaḋ D.Ó.R.) aᵹus an-ṗeictiúir. Caiṫfeaḋ sé ᵹo b'é a spreaᵹ an díospóireaċt a ḃí tráṫnóna aᵹainn. Aċ ní raḃ atmosféar ċillín an ḃáis daol ar a ḃeiṫ coṁ h-uafásaċ is mar ḃí sa bpeictiúir Franncaċ sin, "Are We All Murderers?" Léiriᵹ sé ᵹo maiṫ, áṁ, brúidiúlaċt an pobail nuair a ḃíonns duine le ċun 'un ḃáis.

Oíċe álainn lán-ᵹealaí.

Dónall Mac Aṁlaiᵹ.

Nuaíoċt as na Dúnaiḃ

Dé Sathairn, an 4ú inst., a d'éag Bríd baintreach Mhic Pháidín, as an Charraig, ar maraíodh a fear céile, Séamus, go tobann tuatach i dtaisme ghluaisteáin, cúpla bliain ó shin, giota beag ó n-a dhoras féin. Bhí na ceithre scór bainte amach aici agus fá shláinte go fónta go dtí deireadh a ré. Comhbhrón na gcomharsan á thabhairt dá clann mac: Dónall (in Umlach) agus Niall agus Eamon (sa bhaile) mar aon le n-a deartháir, Micheál (atá i ndiaidh theacht chun an bhaile as Meiriceá) agus dá gaolta fríd an pharóiste.

Tá beirt dhearthár, Brian agus Séamus Mac Fhionghaile, as an Umlach in aice le Carraig Airt, ar shiúl go Sasana, an áit a bhfuil fostaíocht ar fheabhas ag fanacht leo. Bhí Brian thall le cúpla bliain, é ina mhaor siúinéireachta i Luton — agus, go dtí ar na mallaibh, bhíodh Séamus ar fhoireann na mon--archan-éadaigh atá ag Muintir Mhic Nutt ins na Dúine.

Bhí lánúin sa bhaile anseo as Pennsylvania, i Meiriceá, le sé seachtainí, mar bhí: Séamus Aindí O Gallchobhair agus a bhean dhóighiúil, Peigí Bhán (de Chlainn Mhic Ghiolla Bhríde) as faoi'n Bhinn — i ndiaidh na seacht samhradh a chaitheamh ar an choigrích. Tháinig siad chun an bhaile ar Scairdeitleán ach, i ndiaidh an méid siamsa, agus scléipe a bhí acu anseo, chinn siad a scíth a ligean ar bhord loinge ag dul arais dóibh — as Cóbh i dtús na seachtaine seo chuaigh thart.

Tá comhghairdeas tuillte ag Séarlaí S. Mac Ghiolla Chearra, as an Mhuirleog, atá ina bhanaltra-fir Státchláraithe, i nGlascó, le cúpla bliain, agus ar éirigh leis oiread onóracha a bhaint amach i scrúdú comórtais thall gur tugadh scoláireacht dó go hOllscoil Naomh Aindriú, Coláiste na Banríona, i nDundee na hAlban, an áit a bhfuil sé san am i láthair ag déanamh staidéir ar chéim M.A. a bhaint amach in Eolaíocht Shóisialta. Bhí sé sa bhaile i ndeireadh an tsamhraidh, é féin agus a dheartháir óg, Tomás, atá thall fosta, é ina dhornálaí in earnáil na n-éadrom-meáchan. Bhí an bheirt acu ar an scoil i nDoire an Chasáin, faoi theagasc ag Seac Mhac Pháidín, an príomh-oide atá ann leis na blianta.

Ára Mór

Tá daoine buarṫa anseo indiaiḋ an Aṫar Mac Ᵹrianra, S.C., atá ar ṡiúl ᵹo dtí an Ḟálċarraċ. Ins na cúpla bliain a ċaiṫ sé anseo ba mór a rinne sé ar son muintir Árainn. Ba é a ḃunaiᵹ an Coiste Forbarṫa de ṁuintir na Ᵹaeltaċta le ḃóṫáil poiblí de iomlán ṁuintir an oileáin aᵹus eaᵹraiᵹ sé an Féile Iascaiᵹ Doṁan Farraiᵹe fosta a ṫarrainᵹ na sluaite anseo. Téann ᵹuí ᵹaċ duine leis ᵹo raḃ sé sona sásta ar an Ḟálcarraċ.

Tá fáilte ar leiṫ roiṁ an tSaᵹart úr an tAṫair Doṁnall Ó Doċartaiᵹ toisc ᵹur as Ᵹaeltaċt Ḟánada é aᵹus tá súil aᵹainn ᵹo mbeiḋ saol sona sáiṁ aiᵹe in Árainn.

Is ciúin uaiᵹneaċ atá rudaí anseo anois taréis an tsaṁraiḋ leis na scoláirí uiliᵹ ar ṡiúl ⁊ cuid mór de taos óᵹ an oileáin ar ṡiúl arís aᵹ saoṫrú ar an coiᵹcríċ. Is iomaí duine atá aᵹ ᵹuí ᵹo mbeiḋ toraḋ óna cruinniṫe a ḃí anseo sa tsaṁraḋ aᵹus ᵹo ḃfeicfimid saoṫrú don dream óᵹ sa ḃaile in Árainn.

Clár Radio

Dé hAoine—5.01, Ceili na nOg. 5.30, Ten Weeks With a Circus. 5.55, Weather. 6.1, Nuacht agus Caint na hAoine. 6.20, Announcements. 6.25, Focal on Dochtuir. 6.45, Sports Stadium. 7.30, Jazz Sax. 8.1, Irish Dance Music. 8.15, A Munster Journal. 8.45, An Bhean Gan Locht. 9.1, Symphony Concert. 10.30, Turas Fa Inse Gall.

Dé Sathairn—5.01, Piano Music For Young Listeners. 5.15, Junior Sports Magazine. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an tSathairn. 6.20, Announcements. 6.45, Who's News? 7.15, Reacaireacht an Riadaigh. 7.45, Duinne Fa Chlar. 8.1, Dear Sir or Madam. 8.30, Not So Green. 9.1, Greyhound Racing: Irish Laurels Final. 9.15, The R-E-L-O Show. 10.30, Ceili House.

Dé Domhnaigh — 10.30, Mass. 12.30, Hebridean Journey. 1.0, Not So Green. 1.35, Provincial News Round-up. 2.0, Town Hall Tonight. 2.45, Topic. 3.15, Ceolta Tire. 3.30, The Torrents of Spring. 5.0, Ceol Do Phaisti. 5.30, Down the Country. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht Anall, Nuacht Abhfus. 6.25, Appeal. 6.40, Sports Time. 7.10, An Sagart Linn. 7.15, Anything Goes. 8.0, Thalassa, Thalassa. 9.25, Records. 9.30, The Years of the Great Test. 10.0, Newspoint. 10.20, News. 10.35, Music of the Nation. 11.05, New Music from Belgium. 11.35, G.A.A. Results.

Dé Luan—5.01, Out of Doors. 5.15, Songs With Guitar. 5.30, More William. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an Luain. 6.20, Announcements. 6.45, Ireland's Top Ten. 7.15, Requests From the Irish Troops Overseas. 7.30, Question Time in Cork. 8.1, They Belong To Glasgow. 8.30, The Fortunes of Irish Magazine Publication. 8.45, Poetry Anthology. 9.1, Aeriris. 9.30, Field and Farmhouse. 10.30, Late But Light. 10.45, City Newsreel.

Dé Mart — 5.01, Choir. 5.15, Magic at the Races. 5.30, Mol an Oige. 5.55, Weather Forecast. 6.01, Nuacht agus Caint na Mairte. 6.20, Announcements; Report on Store Cattle Sales. 6.45, Requests From Overseas. 7.15, This Is Your Business. 7.45, The Smile and the Tear. 8.1, Profile of a Broadcaster. 8.30, Miriam Lucas. 9.1, Symphony Concert. 10.30, My Sweet County Clare.

Dé Ceadaoin—5.01, Niall and Mogadon. 5.15, Records For Children. 5.35, Birthday Time. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Ceadaoine. 6.20, Announcements; Cattle Market Report. 6.45, Take the Floor in Belfast. Break For Music. 8.1, Gardening Magazine. **Athlone Wavelength:** 8.30, Berlin By Night. 8.45, Soccer: European Champions' Cup: Drumcondra v. A.S.K. Vorwaerts of East Berlin. **Dublin & Cork Wavelengths** 8.30, Farmers' Forum. 9.1, The Dublin Chamber Orchestra. **All Wavelengths:** 9.45, Guth Aduaidh. 10.30, Tre Count of Duras. 11.0, Pop Call.

Deardaoin—4.0, Racing: Carroll Handicap Hurdle. 5.1, Amhrain Do Phaisti. 5.15, Magic at the Races. 5.30, Wild and Woolly. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Deardaoine. 6.20, Announcements. 6.25, Here's the Doctor. 6.45, Question Time in Cork. 7.15, Annso Is Annsud Sa Mhumhain. 7.30, Casuir. 8.1, Record Report. 8.30, Between Ourselves. 9.1, The Morning Suit. 9.15, Masters and oderns. 9.45, Sceal Nua ar an Seansceal. 10.30, Thanks For The Memory. 10.45, Recital.

Corca Duiḃne

Tá an doṁan aᵹ caolú ó lá ᵹo lá deirtear aᵹus an ċuma san air le daoine aᵹ taisteal níos mire ó lá ᵹo lá sa tslí ᵹo ndeallraíonn sé ᵹo ḃfuil áiteanna aᵹ druidim níos coṁᵹaraí dá céile. Deallraíonn sé ᵹo ḃfuilimid níos coṁᵹaraí do Uiḃ Raṫaċ anois ᵹo ḃfuil duine taréis snáṁ trasna. Ba turas mór do ḃád é uair. Ḃí ana ṫaḃairt amaċ nuair a ṫáiniᵹ sé i dtír ar trá an Daingin.

Ċaiṫ deiċ nduine fiċead de Ᵹearmánaiᵹ seaċtain ar an Muiríoċ le déanaí. Ḃuaċaillí aᵹus cailíní óᵹa ab' ea iad ᵹo léir. Idir ceiṫre bliana déaᵹ aᵹus bliain is fiċe a ḃí siad. Ḃaineadar taitneaṁ mór as a laeṫa saoire sa Ᵹaeltaċt.

Laḃradar a dteanᵹa féin ᵹaċ lá is ᵹaċ oíċe. Ḃíoḋ rí-rá mór acu, ceol is cleaċtaḋ, céilíṫe aᵹus caiṫeaṁ aimsire. Ṡiúil na Ᵹearmánaiᵹ seo a lán den Ᵹaeltaċt ċun í d'ḟeiscint aᵹus a ṫaḃairt faoi ndeara. Ḃí suim faoi leiṫ acu sna sean-ḟoṫraċa, sna sean-iarsmaí aᵹus sa tsean-ṡaol. Ḃí sórt staidéir á ḋéanaṁ acu ar an ársaíoċt aᵹus ar ré na Críostaíoċta aᵹus na páᵹántaċta sa tír seo. Ċuaiᵹ siad aᵹ féaċaint ar Ṡéipéilín Ᵹall-Iorrais. ar foṫraċa Ċill Ṁaolcéadam, ar Ċaisleán Ᵹall-Iorrais aᵹus ar na seanliosanna sa ċeantar.

Táᵹann na mílte daoine aᵹ féaċaint ar na sean-iarsmaí seo ᵹaċ saṁraiḋ, ó ceiṫre arda na hÉireann, ó Ṡasana, ón ḃFrainc, ón Iodáil aᵹus ó Ṁeiricea. Aċ is ar Ṡéipéilín Ᵹall-Iorrais is mó a ṫéann daoine aᵹ féaċaint, toisc é a ḃeiṫ ċoṁ haosta aᵹus oċṁ dlút, ċoṁ daingean inniu leis an lá a tóᵹaḋ é. Tá an sean-ṡéipéilín seo i ḃfad níos sine ná ċeapann daoine. Fiú aṁáin Bord Fáilte féin, tá aois an tséipéilín dulta aṁú orṫu. Tá séipéilín Ᵹall-Iorrais tóᵹṫa le sé ċéad déaᵹ bliain. Tá sé tóᵹṫa ó ṫosaċ ré na Críostaíoċta. Ċualas sean-údar, naċ ṁaireann á rá ᵹo raiḃ sé tóᵹṫa roiṁ Ṗádraiᵹ Naofa féin. Tá an séipéilín deiċ dtroiṫe fiċead ar fad ina ḃonn aᵹus cúiᵹ troiṫe déaᵹ ar leiṫead, aċ é aᵹ dul i ᵹcúnᵹaċt de réir a céile leis an airde, ar ṡlí ᵹo ᵹcuireann aon ċloċ aṁáin díon air. Ḃeaḋ sé suas le dá ṫroiᵹ déaᵹ ar aoirde aċ toisc é a ḃeiṫ íos i loᵹ ní ṫaiseantaíonn sé an méid sin. Sé a ḟad ar a ᵹiorraċt, ᵹurb é an séipéilín is sine san Eoraip é, más fíor do na húdair móra a ṫaᵹann aᵹ féaċaint air ᵹaċ bliain. Daoine a ċonaic seaċt n-iontais eile an doṁain is mó iontas a rinneadar de Ṡéipéilín Ᵹall-Iorrais toisc é a ḃeiṫ ᵹo doċt, daingean, diongḃalta fós, ᵹan beann aiᵹe ar stoirm ná ar ᵹaoṫ ná ar ḃáisteaċ a ḃeiṫ aᵹ stealladh air le 1,600 bliain. Ní miste a rá ná ᵹo raiḃ fios a ᵹceirde aᵹ na saoir a tóᵹ é.

Muintir na Gaeltachta a d'fhoillsigh. "Democrat", Tír Chonaill, Clóbhualadh.